Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1533

27.6.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 29/2024**

**an 2 Feabhra 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1533]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1783 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála ina bhfuil dréachtdoiciméad maidir le socruithe comhair le tríú tíortha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 29as (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1406 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'29at. **32021 R 1783**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1783 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála ina bhfuil dréachtdoiciméad maidir le socruithe comhair le tríú tíortha (IO L 359, 11.10.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tharmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

San Iarscríbhinn, cuirtear 'Comhaontú LEE' in ionad 'dlí an Aontais'.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1783 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Feabhra 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 359, 11.10.2021, lch. 1.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.